C/2024/7278

4.12.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11569 – DELI HOME / HWI / HOUTWERF / DISTRI-HOUT)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/7278)

1. An 26 Samhain 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Deli Home Holding B.V. ('Deli Home', an Ísiltír), atá faoi rialú deiridh Ardian France SA ('Ardian', an Fhrainc),

— Houtwerf International B.V. ('HWI', an Ísiltír),

— Houtwerf B.V. ('Houtwerf', an Ísiltír), atá faoi rialú aonair HWI faoi láthair,

— Distri-hout N.V. ('Distri-hout', an Bheilg), atá faoi rialú aonair HWI faoi láthair.

Gheobhaidh Deli Home agus HWI rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Houtwerf agus Distri-hout.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is táirgeoir agus mórdhíoltóir é Deli Home atá ag plé le táirgí feabhsúcháin tí adhmadbhunaithe amhail doirse, urláir, staighre, troscán stórála, táirgí adhmadbhunaithe agus sciatha feithidí. Tá Deli Home faoi rialú deiridh Ardian, a rialaíonn Maxeda atá gníomhach i miondíol Déan Féin É (DFÉ) freisin.

— Tá HWI gníomhach i mórdhíol táirgí adhmadbhunaithe den chuid is mó agus i miondíol DFÉ.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas eile

— Is mórdhíoltóirí táirgí adhmadbhunaithe den chuid is mó iad Houtwerf agus Distri-hout san Ísiltír agus sa Bheilg agus ina theannta sin díolann siad ábhair ghairdín, cumhdach aghaidhe foirgneamh, insliú, doirse agus táirgí maisiúla.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11569 – DELI HOME / HWI / HOUTWERF / DISTRI-HOUT

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË